

An Bille um an gCeathrú Leasú is
Fiche ar an mBunreacht, 2002

Twenty-fourth Amendment of the
Constitution Bill, 2002

Mar a tionscnaíodh
As initiated



**TWENTY-FOURTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION
BILL, 2002**

As initiated

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Amendment of Article 29 of the Constitution.
2. Citation.

SCHEDULE

PART 1

PART 2



**AN BILLE UM AN gCEATHRÚ LEASÚ IS FICHE AR AN
mBUNREACHT, 2002**

Mar a tionscnaíodh

RIAR NA nALT

Alt

1. Airteagal 29 den Bhunreacht a leasú.
2. Lua.

AN SCEIDEAL

CUID 1

CUID 2



**TWENTY-FOURTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION
BILL, 2002**

BILL

entitled

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION.

5

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution, any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend Article 29 of the Constitution:

10

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Amendment of Article 29 of the Constitution.

1.—Article 29 of the Constitution is hereby amended as follows:

- (a) section 1 of both texts shall be numbered as subsection 1° of section 1, 15
- (b) the subsections set out in *Part 1* of the *Schedule* to this Act shall be added to section 1 of the Irish text,
- (c) the subsections set out in *Part 2* of the *Schedule* to this Act shall be added to section 1 of the English text.

Citation.

2.—(1) The amendment of the Constitution effected by this Act 20 shall be called the Twenty-fourth Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Twenty-fourth Amendment of the Constitution Act, 2002.



**AN BILLE UM AN gCEATHRÚ LEASÚ IS FICHE AR AN
mBUNREACHT, 2002**

BILLE

dá ngairtear

5 ACHT CHUN AN BUNREACHT A LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe Airteagal 29 den Bhun-
10 reacht a leasú:

**ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN
MAR A LEANAS:**

1.—Leasaítear leis seo mar a leanas Airteagal 29 den Bhunreacht: Airteagal 29 den Bhunreacht a leasú.

- (a) déanfar alt 1 den dá théacs a uimhriú mar fho-alt 1° d'alt 1,
- 15 (b) cuirfear na fo-ailt atá leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo le halt 1 den téacs Gaeilge,
- (c) cuirfear na fo-ailt atá leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo le halt 1 den téacs Sacs-Bhéarla.

20 **2.**—(1) An Ceathrú Leasú is Fiche ar an mBunreacht a thabharfar Lua. ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an gCeathrú Leasú is Fiche ar an mBun-
reacht, 2002, a ghairm den Acht seo.

SCHEDULE

PART 1

- 2° Tig le hÉirinn glacadh, nó leanúint de ghlacadh, le haon oibleag-
áid a éiríonn as comholtas de na Náisiúin Aontaithe nó as
gníomh arna dhéanamh faoina gcoimirce. 5
- 3° Faoi chuimsiú na bhfo-alt romhainn den alt seo agus d'ainneoin
théarmaí aon ionstraime dá dtagraítear sna haitl inár ndiaidh
den Airteagal seo, ní cead d'Éirinn a bheith ina comhalta d'aon
eagraíocht nó ina páirtí in aon chomhaontú nó socrú idirnáis-
iúnta trína dtagann sí chun bheith faoi cheangal a cúnamh 10
míleata a chur ar fáil chun stát nó stáit eile a chosaint in aon
imthosca a chuireann srian le saoirse an Stáit chun cinneadh a
dhéanamh in aon chás i dtaobh an nglacfaidh sé páirt i ngníomh
den sórt sin nó an leanfaidh sé de.

PART 2

15

- 2° Ireland may accept or continue to accept any obligation arising
from membership of the United Nations or from action taken
under its aegis.
- 3° Subject to the foregoing subsections of this section and notwithstanding
the terms of any instrument referred to in the subsequent sections of this Article, Ireland shall not be a member
of any organisation or party to any international agreement or arrangement whereby it becomes bound to commit its military
aid to the defence of another state or states in any circumstances which constrain the freedom of the State to determine in any 20
case whether to engage in or to continue such action. 25

AN SCEIDEAL

CUID 1

- 2° Tig le hÉirinn glacadh, nó leanúint de ghlacadh, le haon oibleag-
áid a éiríonn as comholtas de na Náisiún Aontaithe nó as
5 gníomh arna dhéanamh faoina gcoimirce.
- 3° Faoi chuimsiú na bhfo-alt romhainn den alt seo agus d'ainneoin théarmaí aon ionstráime dá dtagraítear sna hailte inár ndiaidh den Airteagal seo, ní cead d'Éirinn a bheith ina comhalta d'aon eagraíocht nó ina páirtí in aon chomhaontú nó socrú idirnáisiúnta trína dtagann sí chun bheith faoi cheangal a cúnamh míleata a chur ar fáil chun stát nó stáit eile a chosaint in aon imthosca a chuireann srian le saorise an Stáit chun cinneadh a dhéanamh in aon chás i dtaobh an nglacfaidh sé páirt i ngníomh den sórt sin nó an leanfaidh sé de.

15

CUID 2

- 2° Ireland may accept or continue to accept any obligation arising from membership of the United Nations or from action taken under its aegis.
- 3° Subject to the foregoing subsections of this section and notwithstanding the terms of any instrument referred to in the subsequent sections of this Article, Ireland shall not be a member of any organisation or party to any international agreement or arrangement whereby it becomes bound to commit its military aid to the defence of another state or states in any circumstances which constrain the freedom of the State to determine in any case whether to engage in or to continue such action.